

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2025
(OR. en)

9901/1/25
REV 1

ECOFIN 709
UEM 243
SOC 378
EMPL 248
COMPET 488
ENV 471
EDUC 220
ENER 211
JAI 775
GENDER 90
JEUN 120
SAN 295
ECB

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	An Seimeastar Eorpach – nóta chothrománach maidir le moltaí tírshonracha comhtháite

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta cothrománach maidir le moltaí tírshonracha comhtháite 2025, a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

NÓTA COTHROMÁNACH

ULLMHÚCHÁN DON PHLÉ POLAITIÚIL SA CHOMHAIRLE AGUS SA CHOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LEIS NA MOLTAÍ TÍRSHONRACHA AGUS MAIDIR LE PACÁISTE AN tSEIMEASTAIR EORPAIGH (EARRACH 2025)

An 4 Meitheamh 2025, d'eisigh an Coimisiún Pacáiste Earraigh an tSeimeastair Eorpaigh. Áirítear ann sraith tuarascálacha tíre agus moltaí le haghaidh moltaí tírshonracha do gach Ballstát. Meastar go nglacfaidh an Chomhairle na moltaí tírshonracha ag cruinniú a bheidh aici an 8 Iúil 2025.

Sula ndéanfar na moltaí tírshonracha a phlé agus a ghlacadh, is é is aidhm don nóta cothrománach seo cur leis an díospóireacht pholaitiúil maidir le staid eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa, ina sonraítear na dúshláin atá ann faoi láthair agus na bealaí beartais chun feabhas a chur ar an iomaíochas mar a leagtar amach sna moltaí tírshonracha. Leagtar béim sa phlé ar an ról ríthábhachtach atá ag moltaí tírshonracha maidir le comhordú an bheartais eacnamaíoch agus fostaíochta a chur chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an ról seanbhunaithe atá ag an gComhairle i bpróiseas an tSeimeastair.

Mhol an Uachtaránacht an cur chuige eisceachtúil sin, a imíonn ó chleachtas seanbhunaithe an tSeimeastair Eorpaigh gan fasach a leagan síos, i gcomhthéacs an mhoillithe ar fhoilsiú phacáiste an Earraigh (an 4 Meitheamh 2025) agus an gá atá le hionchur fóinteach a chur ar fáil do phlé na Comhairle Eorpaí an 26–27 Meitheamh 2025.

Tá an nóta seo bunaithe ar thuarascálacha agus anailísí ó Phacáiste Earraigh an tSeimeastair Eorpaigh.

Timthriall 2025 an tSeimeastair Eorpaigh: an inbhuanaitheacht agus an t-iomaíochas a neartú le linn éiginnteachtaí domhanda

I bhfianaise na luaineachta domhanda sa staid trádála agus slándála, meastar go dtiocfaidh méadú leanúnach ar gheilleagar an Aontais sna blianta amach romhainn. Is é margadh saothair láidir agus laghdú ar bhoilsciú go háirithe is cúis leis an bhfás, rud a chuireann le téarnamh fíorphá agus a threisiú an t-éileamh. Mar sin féin, tá rioscaí suntasacha don mhóiminteam eacnamaíoch ag baint leis an teannas geopholaitiúil agus leis an gcur isteach ar an trádáil. Tá earnálacha airgeadais na hEorpa athléimneach fós i bhfianaise na ndúshlán sin agus cuireann siad maoiniú cobhsaí ar fáil don gheilleagar.

Tá beartais chun iomaíochas a neartú ríthábhachtach chun borradh a chur faoi gheilleagar an Aontais agus chun rathúnas inbhuanaithe a chur chun cinn. Dírítear go príomha i straitéis eacnamaíoch an Aontais ar na bacainní struchtúracha a chuireann bac ar an iomaíochas. Tá fás na táirgiúlachta ag titim ar chúl, rud a chuireann isteach ar an nuálaíocht. Thairis sin, bhí an chastacht rialála agus an t-ualach riaracháin ina ndíspreagthaí móra ar an infheistíocht, a bhfuil tionchar acu go háirithe ar FBManna. Ina theannta sin, le ganntanas forleatach an lucht saothair oilte tá srian ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus is lú nuálaíocht agus táirgiúlacht atá ann, agus cuireann costais arda fuinnimh agus rochtain theoranta phríobháideach ar mhaoiniú leis na dúshlán sin. Bíonn tionchar ag an tírdhreach geopholaitiúil freisin ar dhinimic na hinfeistíochta, ós rud é go mbíonn moill ar thionscadail bhonneagair i bpáirt mar gheall ar phleanáil neamhleor agus ar thosaíochtaí polaitiúla a bhíonn ag athrú.

Is príomhuirlis chomhordúcháin é an Seimeastar Eorpach chun a áirithiú go léiríonn athchóirithe agus infheistíochtaí náisiúnta cuspóirí uile-Aontais, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar riachtanais náisiúnta shonracha. Is é is aidhm do na moltaí tírshonracha treoir bheartais mhionsonraithe agus chomhleanúnach a thabhairt atá saincheaptha do dhúshlán shonracha gach Ballstáit agus saoirse beartais riachtanach na mBallstát á hurramú ag an am céanna. I dtuarascálacha tíre 2025, tugtar anailís chuimsitheach ar fhorbairtí eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta, i gcomhréir leis an gCompás Iomaíochais agus prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, atá mar bhonn taca leis na moltaí tírshonracha agus athbhreithniú á dhéanamh ag an am céanna ar an dul chun cinn a rinneadh sna moltaí tírshonracha roimhe seo agus ar a n-ailíniú le spriocanna fíoscacha.

Agus aghaidh á tabhairt aici ar an dúshlán a d'eascair as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ní mór don Eoraip a cumais chosanta a mhéadú agus bonn tionsclaíoch láidir a thógáil. Sa chomhthéacs sin, d'iarr 16 Bhallstát, go dtí seo, go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú chun a gcaiteachas cosanta a mhéadú, faoi chuimsiú rialacha fíoscacha an Aontais. Cuirtear na hiarrataí sin san áireamh san anailís ar dhul chun cinn na mBallstát maidir le cur chun feidhme a bpleananna meántéarmacha agus sa mheasúnú ar a mhéid a chomhlíonann siad creat rialachais eacnamaíoch na hEorpa a sholáthraítear mar chuid de phacáiste an Earraigh. Sa chlásal éalaithe náisiúnta, atá le gníomhachtú ag an gComhairle i mí Iúil, ba cheart go n-éascófaí an t-aistriú chuig caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir de sna Ballstáit agus inbhuanaitheacht fiachais á áirithiú ag an am céanna.

Faireachas fioscach

I bpacáiste an earraigh 2025, faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe cuireadh an chéad timthriall bhliantúil d'fhaireachas fioscach i gcrích. Chuige sin, déantar measúnuithe críochnúla ar a mhéid a chomhlíon na Ballstáit an fás glanchaiteachais arna mholadh, agus ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a bhí mar bhonn taca le síneadh a chur le coigeartuithe fioscacha i gcás roinnt Ballstát. Go háirithe, i gcás na mBallstát a thagann faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, sna measúnuithe ar chur chun feidhme áirithítear go nglacfar bearta ceartaitheacha go héifeachtach. Leis an gcur chuige iomlánaíoch sin a bhaineann le rialachas fioscach, leagtar béim ar a thábhachtaí atá na measúnuithe sin mar ghníomhaíochtaí bunúsacha laistigh den rialachas eacnamaíoch níos leithne.

Tá gá le hathchóirithe struchtúracha freisin chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a áirithiú. Moltar do roinnt Ballstát gníomhaíochtaí a dhéanamh chun an córas cúraim fhadtéarmaigh a dhéanamh níos costéifeachtaí, lena gcosnaítear inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chúraim sláinte agus na gcóras pinsean. Ó thaobh an chánachais de, moltar sna moltaí an córas cánach a shimpliú, an cánachas ar chineálacha éagsúla ioncaim ó rachmas a ailíniú, comhlíonadh cánach a fheabhsú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le pleanáil ionsaitheach cánach, caiteachas cánach a theorannú, agus an bonn cánach a leathnú. Moltar do roinnt Ballstát an t-ualach cánach ar oibrithe ar ioncam íseal a laghdú chun cothromas an chórais a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar dhídhreasachtaí cánach i margadh an tsaothair, mar shampla feabhas a chur ar dhreasachtaí do dhaoine atá nach mór ag aois scoir leanúint de bheith ag obair. Moltar do roinnt Ballstát freisin cáilíocht a n-airgeadais phoiblí a neartú trí éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a áirithiú, lena n-áirítear trí athbhreithnithe caiteachais, agus an infheistíocht phoiblí a neartú, mar shampla, trí thionscadail infheistíochta aibí a thús-ualú agus infheistíocht phríobháideach a chnádadh isteach.

Iomaíochas

Is cuid lárnach de bheartas eacnamaíoch an Aontais é an t-iomaíochas a neartú. Leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach, na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí lena dtreoraítear obair an Choimisiúin sna 5 bliana amach romhainn. Áirítear leis sin an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, spleáchais iomarcacha a laghdú, an tslándáil a fheabhsú, agus iarrachtaí dícharbónaithe a chur chun cinn. Chun bonn taca a chur faoin iomaíochas ar fud na n-earnálacha, tugtar isteach leis an gCompás Iomaíochais cumasóirí cothrománacha a dhíríonn ar thimpeallacht eacnamaíoch fhabhrach a chothú chun tacú le hiomaíochas na hEorpa. Áirítear orthu sin creataí rialála a shimpliú chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus luas agus solúbthacht a mhéadú, leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an Margadh Aonair ach deireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana, maoiniú a ghíaráil lena n-áirítear tríd an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, agus forbairt scileanna agus poist ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus cothroime shóisialta á háirithiú ag an am céanna, chomh maith le comhordú beartais a fheabhsú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Ina theannta sin, is bac tromchúiseach iad na hardchostais fuinnimh, a imríonn tionchar ar chorrlaigh oibriúcháin na dtionscal dianfhuinnimh. Leagtar béim sna moltaí tírshonracha freisin ar a thábhachtaí atá sé dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú glas ach an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus saor ó astaíochtaí, lena n-áirítear trí neodracht na teicneolaíochta a chur chun cinn, foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainneacht na n-eangach, lena n-áirítear idirnaisc thrasteorann, a fheabhsú, agus an tslándáil fuinnimh a mhéadú. Ina theannta sin, leagtar béim sna moltaí ar an ngá atá ann deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise, iompar inbhuanaithe a chur chun cinn, aghaidh a thabhairt ar an nganntanas de lucht saothair a bhfuil scileanna glasa sa mhargadh saothair acu agus tacú le geilleagar ciorclach a fhorbairt.

Fostaíocht, scileanna agus gnéithe sóisialta

Léirítear i bPacáiste Earraigh 2025 comhthéacs ina bhfuil margadh saothair athléimneach san Aontas, éileamh leanúnach ar scileanna, agus rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta atá ag íslú ach atá ard fós. Sa chomhthéacs sin, leagtar béim i moltaí tírshonracha 2025 ar a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun cinn le go mbeadh na hiarrachtaí dírithe i dtreo sochaí níos athléimní, níos iomaíche agus níos cothroime a bhaint amach. Cuirtear san áireamh sna moltaí le haghaidh moltaí tírshonracha torthaí an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta ón gCoimisiún, lena n-áirítear anailís an dara céim a d'fhoilsigh seirbhísí an Choimisiúin chomh maith le torthaí n-athbhreithnithe faireachais iltaobhaigh rinne an Coiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta.

Bhí an leibhéal fostaíochta ag an leibhéal is airde dá bhfacthas riamh (75.8 % in 2024) agus tá an tAontas ar an mbóthar ceart ar mhaithe le príomhspríoc an Aontais do 2030 a bhaint amach, is é sin go mbeadh 78 % den daonra ar a laghad i bhfostaíocht. Ag an am céanna, tá ganntanais lucht saothair ann go forleathan fós, ganntanais atá níos mó ná na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i roinnt Ballstát. Tá ganntanais mhóra ann go háirithe sna hearnálacha a bhaineann le cúram sláinte, cúram fadtéarmach, foirgníocht, iompar, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus innealtóireacht. Sa chomhthéacs sin, leagtar béim i moltaí tírshonracha 2025 ar an ngá atá le leas iomlán a bhaint as cumas na ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair chun rannpháirtíocht níos mó uathu a chur chun cinn, rannchuidiú le táirgiúlacht fheabhsaithe, agus cóineasú sóisialta aníos a chothú ar fud an Aontais. Chun an méid sin a bhaint amach, moltar do na Ballstáit beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a threisiú, feabhas a chur ar dhearadh na gcóras sochair cánach chun obair a spreagadh, agus rochtain ar oiliúint agus uas-sciliú a leathnú. I mbeartais mhargadh an tsaothair ba cheart tacaíocht a thabhairt do tháirgiúlacht mheántéarmach agus dul chun cinn ó thaobh pá dó agus an gá atá le bheith iomaíoch, agus aghaidh á tabhairt, ag an am céanna, ar an gcostas maireachtála atá ag dul i méid. I ndáil leis sin, ba cheart ról lárnach a bheith ag an idirphlé sóisialta agus ag sásraí cómhargála i gcónaí, i gcomhréir le dlíthe agus/nó nósanna imeachta náisiúnta. Chun deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht, beidh gá freisin, go háirithe in earnálacha áirithe, le feabhas a chur ar cháilíocht post agus ar dhálaí oibre, chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh san oideachas agus sa chúram luath-óige ionas go mbeidh siad inacmhainne agus ar ardchaighdeán. Ag an am céanna, d'fhéadfaí leas níos éifeachtaí a bhaint as an imirce dhleathach chun an soláthar lucht saothair intíre a chomhlánú agus cuidiú le freastal ar riachtanais scileanna, gan dochar don údarás náisiúnta.

Leis na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí tírshonracha, leagtar béim freisin ar an bpráinn a bhaineann le forbairt caipitil dhaonna a chothú, i gcomhréir leis an ngá atá le dul chun cinn níos gasta a dhéanamh i dtreo phríomhspríoc an Aontais do 2030 le go mbeidh 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile rannpháirteach in oiliúint gach bliain (figiúr a bhí ag 39.5 % in 2022). Tá sé sin bunriachtanach chun Eoraip níos iomaíche agus níos cuimsithí ó thaobh na sochaí de a thógáil. Tá gá le córais oideachais agus oiliúna a neartú láithreach, do dhaoine óga atá ag tabhairt faoin lucht saothair agus do dhaoine fásta nach mór dóibh dul i dtaithí ar éilimh mhargadh an tsaothair atá ag forbairt. Is cúis mhór inní é go léirítear sna treochtaí a bhí ann le déanaí go bhfuil meath ag teacht ar fheidhmíocht bhunscileanna, agus níos lú ardgnóthachtálaithe agus bearnaí forleathana sa litearthacht dhigiteach, agus is iad na daoine fásta níos sine, iad siúd ar bheagán cáilíochtaí, agus daoine lasmuigh den mhargadh saothair na grúpaí is lú seans fós a ghlacann páirt san fhoghlaím aosach. Chun na bearnaí sin a dhúnadh, moltar do na Ballstáit deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a leathnú, aitheantas scileanna a fheabhsú, curaclaim agus modhanna teagaisc a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair, agus caighdeán an oideachais a fheabhsú. Agus méadú ag teacht ar an éileamh ar ardscileanna teicniúla – go háirithe in earnálacha straitéiseacha a bhaineann leis an nuálaíocht agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach – tá iomaíochas fadtéarmach na hEorpa ag brath ar nasc láidir a fhorbairt le gairmithe ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic). Dá réir sin, moltar do na Ballstáit freisin tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh lena méadaítear rannpháirtíocht na hóige in ETIM, lena dtéitear i ngleic le míchothromaíochtaí inscne i gconairí oideachais, agus lena neartaítear an comhar idir soláthraithe oideachais agus fostóirí.

Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú. Mar sin féin, níl ach dul chun cinn teoranta déanta go dtí seo (laghdú 2.8 milliún duine i gcomparáid le 2019, de réir shonraí 2024) i dtreo phríomhspríoc an Aontais do 2030 15 mhiliún duine ar a laghad a thabhairt slán ón mbochtaineacht nó as an eisiaimh sóisialta agus tá dúshlán ann fós, go háirithe do leanaí, grúpaí leochaileacha, agus i réigiúin áirithe. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a áirithiú, ach feabhas a chur ar sholáthar do phinsin agus do shochair eile agus rochtain ar phríomhsheirbhísí sóisialta a leathnú ag an am céanna, lena n-áirítear cúram sláinte, chomh maith le seirbhísí cúraim fadtéarmaigh, agus tithíocht. Chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh méadaitheach ar sheirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh mar gheall ar an athrú déimeagrafach, moltar do na Ballstáit aistriú i dtreo cúram coiscitheach agus pobalbhunaithe, teicneolaíochtaí digiteacha a ghíaráil, agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar éagothromaíochtaí réigiúnacha i gcás an tsoláthair cúraim. Is trom an t-ualach iad na costais tithíochta ar theaghlaigh fós agus tá tionchar suntasach acu ar chaighdeán mhaireachtála, agus níl an soláthar tithíochta in ann an t-éileamh láidir leanúnach a chomhlíonadh, agus is in olcas atá an rochtain ar thithíocht shóisialta ag dul do ghrúpaí ar ioncam íseal agus do ghrúpaí leochaileacha, rud is cúis le baol ard leanúnach easpa dídine. Chun tabhairt faoi na dúshlán ghéara sin, moltar do na Ballstáit athchóirithe struchtúracha agus infheistíocht spriocdhírithe a chomhcheangal chun dul i ngleic le srianta seanbhunaithe a dhéanann difear d'inacmhainneacht tithíochta.

Conclúid

Leagtar béim sa nóta cothrománach seo ar ról an tSeimeastair Eorpaigh maidir le beartais a chomhordú ar fud an Aontais, rud a chuireann leis an iomaíochas agus leis an athléimneacht eacnamaíoch agus sóisialta fhadtéarmach. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh na moltaí tírshonracha – tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh – a bheith ina dtreoir úsáideach do Bhallstáit an Aontais lena n-áiríteofar cur chuige aontaithe dinimiciúil i leith na ndúshlán a bheidh ann amach anseo.